# Guth Ghoill

Luach € 2.00

## Aisteoirí Mhíobhaigh i mBaile na nGallóglach!







**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830** **Facs: 074 9154830** **Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR


Lá ar an Aonach 1

Ros na Binne 3

Baile Slachtmhara na nDúnaibh 7

Sábha Mhic Eitegáin 9

Treasa Nic Giolla Bhríde 11

Imeachtaí Chéim Aniar 12

Feadaímó 13

Seanscoil Mhíobhaigh 16

# Ros na Binne

*Ar leanstan*

***Teach Neaty Mac Giolla Bhríde (Neaty Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir), Teach Francie( Francie William Sheáin)/ Teach Talbot.***



Trí thionónta a bhí sa chúigiú teach ar thaobh na farraige i Ros na Binne ón am a tógadh tithe coiteora Ros na Binne breis agus céad bliain ó shin. Le linn domh a bheith ag éirigh aníos ag deireadh na gcaogaidí agus sna seascaidí ba 'teach Francie' a thugtaí ar an teach seo i gcónaí ach ba é Neaty Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir as Doire a'Chasáin - Mac Giolla Bhríde a shloinneadh - an chéad tionónta a bhí sa teach seo. Bhí sé pósta ar Mhadgie Thomáis as Dún Dubháin a bhí ina deirfiúr ag Máire Thomáis a bhí pósta ar Dhónal Beag, teaghlach a raibh cónaí orthu sa chéad teach i Ros na Binne agus a raibh cuntas fúthu in eagrán 36 de Ghuth Ghoill.

Deartháireacha de chuid Neaty a bhí in Neidí Shéarlaí agus Donchadh Shéarlaí (athair Phat Dhonchaidh, an gréasaí) agus bhí beirt dheirfiúr dá chuid pósta i nDumhaigh, Máire a bhí pósta ar Hughie Den agus Bríd, a bhí pósta ar John Fheargail. Chuaigh deirfiúr eile, Cití, go Meiriceá ach níor phill sí ariamh. Tá teach Dhonchadh Shéarlaí, nó tigh Phat mar a tugadh air ina dhiaidh sin nó teach an ghréasaí, ansin go fóill cóngarach de choirnéal tigh Simon i nDoire a' Chasáin agus ba ghnách le teach Neidí Shéarlaí a bheith trasna an bhealaigh uaidh ach leagadh an teach sin roinnt blianta ó shin agus tá tithe saoire tógtha ar an suíomh sin anois.

Chaith Neaty tús a shaol pósta in Albain áit ar rugadh na páistí, Siosáile (1900), Cití (1902), John (1907) agus Bríd (1909). Bhí gasúr eile ann a rugadh ina dhiaidh sin, ba sin Charlie agus b'eisean a thóg an chalet ar an Mhuirleog ag tús na n-ochtóidí agus ba ghnách leis a theacht achan bhliain ar laethanta saoire go dtí go bhfuair sé bás.



*Neaty agus Madgie Mhic Giolla Bhríde agus a gclann*



*Charlie Mac Giolla Bhríde, mac Neaty agus Madgie ag an siopa in aice leis an loch mór faoi Chnoc na Sleá*


Tagann a chlann ansin ar saoire go fóill, go háirithe a iníon Patricia a bhíonn anseo go rialta i rith na bliana.

Bhí Charlie ina phíolóta in Aerfhórsa na Breataine le linn an chogaidh. Bhí Cití pósta ar Hughie McAuley as Gort a'Choirce agus ba ghnách le mac dóibh a bheith fán cheantar seo go rialta fosta agus bheadh aithne mhaith ag neart daoine air, 'sé sin John McAuley. Fuair sé bás le hailse roinnt blianta ó shin fosta.



*Cití McAuley*

Is cosúil go bhfaca Neaty agus Madgie nach raibh mórán fána gcoinne fán cheantar seo agus shocraigh siad pilleadh ar Albain mar a rinne go leor eile. Le linn an ama seo bhíodh bádaí a reáchtáil ag an Tiarna Liatroma idir Glaschú agus Ramhros. D'fhág Neaty agus a theaghlach Ramhros ar an 'Ganiamore' sa bhliain 1913 agus a n-aghaidh ar Ghlaschú agus ba ansin a chur siad fhéin, a gclann agus clann a gclainne fúthu as sin amach. Ach níl amhras ná go raibh ceangal láidir acu leis an fhód dúchais agus gur chothaigh siad an dáimh sin leis an tír seo ina gclann mar go dtagann clann a gclainne anseo anois ar laethanta saoire.



*An "Ganiamore"*

**Teach Francie**

Mar a dúirt mé cheana féin, le linn m'óige agus mé ag fás aníos bhí aithne agam ar an teach seo mar 'Teach Francie' mar go ndeachaigh Francie William Sheáin (Mac Giolla Bhríde) as an Ard Bhán agus a bhean Katie Aindí Hiúdaí (Nic Giolla Chearra) as an Mhuirleog a chónaí ann i ndiaidh do Neaty Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir agus a chlann imeacht go hAlbain.

Rugadh Francie William Sheáin ar an Ard Bhán sa bhliain 1882. Bhí a athair William pósta ar Mháire Nic Giolla Bhríde as an Raplach agus pósadh iad sa bhliain 1871. Mar a bhí coitianta san am bhí clann mhór acu, seisear déag ar fad ach fuair cúpla duine acu bás óg. Bhí Francie ar an seachtú duine sa chlann agus ar an mhac ba shine. Rugadh a bhean Katie Aindí Hiúdaí, iníon le hAindrias Mac Giolla Chearra agus Nancy Nic Giolla Bhríde ar an Mhuirleog fán bhliain 1890. Bhí a deirfiúr Síle pósta ar John Connor as Dumhaigh, seo athair agus máthair Aindí John Bán, athair John Connor a bhfuil Óstán an 'Downings Bay' aige. Bhí deirfiúr eile, Máire, pósta ar Neaty Rua Mac Laifeartaigh as Dumhaigh, athair agus máthair Den Mac Laifeartaigh nó Den Mháire mar ab fhearr aithne air. Chaith Den deireadh a chuid laetha ina chónaí ar an Mhuirleog, áit a raibh sé pósta ar Bhiddy Duffy as Baile 'n tSléibhe, aintín le Dinis Duffy agus fuair sise bás níos luaithe i mbliana agus í na seacht mbliana déag agus ceithre scór. Tá Den marbh ón bhliain 1973. Ní raibh clann ar bith acu.



*Francie William Sheáin*

Thóg Francie agus Katie clann mhór i Ros na Binne - an chloigeann déag acu, William, Jimí, Caitlín, Annie, Máire, Bidí, Theresa, Jane, Francie, Den agus Aindí. Bhí siad pósta thall agus abhus sa



*Francie agus Katie le duine de na garpháistí*

tír seo agus fosta thar lear ach bhí aithne mhaith ar Theresa a bhí pósta ar an Mheall Mhór ar Phaidí Mac Giolla Bhríde.

Fuair Paidí bás sa bhliain 1990 ach bhí saol fada folláin ag Theresa ach fuair sí bás níos luaithe i



*Katie agus Mick Clare (Mac Bhidí)*

mbliana, go ndéana Dia mhaith uirthi agus í ocht mbliana le cois na ceithre scór. Scríobh a iníon Bernadette atá ina príomhoide i Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach alt álainn in ómóis dá máthair agus thig a léamh san eagrán seo de Ghuth Ghoill. Ceathrar iníonach a bhí ag Paidí agus Theresa - Máire atá pósta ar Neil Carr agus a bhfuil cónaí uirthi i nDroim Righin, Katie atá pósta i Sasana agus Bríd atá pósta ar Seán Brogan agus a bhfuil cónaí orthu ar an Mheall Mhór áit a bhfuil cónaí fosta ar Bhernadette atá pósta ar Ivor Boreland.

**Paidí agus Joan Talbot.**

Na chéad tionóntaithe eile a chuaigh a chónaí sa teach seo ná Paidí Talbot agus a bhean Joan. Rugadh agus tógadh Paidí i nDún Laoghaire i mBaile Átha Cliath ach nuair nach raibh sé ach scór bliain d'aois d'imigh sé isteach sa chabhlach trádála agus chaith sé sé bliana déag ag taisteal ar fud an domhain. Ba ar bord an 'Brazil Star' ar a bhealach go Meiriceá Theas sa bhliain 1964 a chas sé lena bhean Joan (Mc Cann). Rugadh agus



*Joan agus Paidí Talbot*

tógadh Joan i Shrove ar bhruach Loch Feabhail ar leithinis Inis Eoghain agus charbh iontas ar bith gur shocraigh sí ar shaol ar an fharraige mar gur shíolraigh sí ó bhunadh daoine a raibh an fharraige go smior iontu. Bhí a hathair, a seanathair, a sinseanathair agus a cuid deartháireacha ar an fharraige - bhí a hathair, Dan Mc Cann agus beirt dá cuid deartháireacha, Charlie agus John ina gCaiftíní Farraige. Chríochnaigh a hathair a chuid laetha i gceannas ar chuid píolótaí Loch Feabhail áit a raibh a deartháir Dan agus Charlie ina bpíolótaí fosta. D'oibrigh Joan mar bhanstiobhard ar na longa trádála rud a d'fhág nach bhfuil mórán coirnéal ar fud an domhain nach raibh sí iontu.

I ndiaidh a bpósta shocraigh siad cur fúthu in



*Dan McCann, Athair Joan Talbot*

Éirinn agus lá amháin chonaic Paidí fógra sa pháipéar áit a raibh fear beáir a dhíth in Óstán Ros na Binne. Fuair Paidí an post agus cé nach raibh ceachtar acu sa cheantar riamh cheana ná aithne dá laghad acu ar an áit thug siad aghaidh ar na Dúnaibh; thit siad i ngrá leis an cheantar agus chuir siad fúthu ann. Ba seo sa bhliain 1967.

D'inis Paidí scéal domh, blianta ó shin, faoi am amháin a raibh sé ar long a bhí ar a bealach go dtí an Nua Shéalainn. Ba seo long a raibh paisinéirí ar bord aici comh maith le lasta. Bhí paisinéir áirithe ar bord a chur ceist ar Chaiftín na loinge an raibh Éireannaigh ar bith ar an long. D'inis an Caiftín an scéal do Phaidí de thairbhe gurbh eisean an t-aon Éireannach a bhí ar bord agus d'iarr sé ar Phaidí é fhéin a chur in aithne don phaisinéir seo, rud a rinne Paidí ina am fhéin. Cé a bhí san fhear seo ach Catherwood, úinéir seanÓstán Ros na Binne. D'inis sé do Phaidí go raibh Óstán mór aige i gCo. Dhún na nGall ach char chuir Paidí mórán amhail sa scéal nó, mar a dúirt sé fhéin, b'iomaí bodach a bhíodh ar bord ag insint a gcuid scéalta. Ach maidin amháin roinnt blianta ina dhiaidh sin i mí na Bealtaine 1962, le linn do Phaidí a bheith sa bhaile i nDún Laoghaire ar shaoire, chonaic sé ar an chéad leathanach den Irish Press pictiúr mór den Óstán seo a dódh go talamh an lá roimhe sin -líon a dhá shúil le hiontas nuair a chonaic sé gur Óstán Ros na Binne a bhí ann, Óstán Chatherwood. Nach iomaí cor agus casadh sa tsaol agus nach iontach an rud é gurbh é an tÓstán céanna, an ceann úr a tógadh, a mheall Paidí 'na nDúnaibh anois.

Rugadh an chéad duine clainne, girseach a bhfuil Jane uirthi, sa bhliain 1966 agus tháinig triúr eile ina dhiaidh sin, Danny sa bhliain 1968, Lisa sa bhliain 1970 agus Eileen sa bhliain 1975.

Cheannaigh siad teach Francie sa bhliain 1968. Bhí obair chothbhála agus obair fheabhsúcháin le déanamh ar an teach ag tús ama agus mar gheall ar seo phill Paidí ar an fharraige ar feadh sé mhí le hairgead a chur le chéile a dhíolfadh as an obair seo agus ar theacht ar ais dó fuair sé post mar fhear stóir i mbádchlós Mhíobhaigh. D'oibrigh sé anseo go dtí gur dhruid an bádchlós ag tús na n-ochtóidí. Bhí a chroí i gcónaí san fharraige agus chaith sé roinnt blianta ina dhiaidh seo ag iascaireacht bradán agus gliomach agus lena chois sin ag dreideáil muiríní ar an Mhaol Rua. Thaitin an iascaireacht go mór leis.

Má bhí a chroí san fharraige is cinnte go raibh a chroí sna beithígh fosta agus chaith sé cúig bliana agus fiche ag taisteal mar gheallghlacadóir (bookmaker) chuig rásaí capall ó cheann ceann na tire. Le linn a chuid ama mar gheallghlacadóir bhí laethanta a bhfuair sé luach saothair a chuid oibre agus laethanta eile arbh fhearr leis dearmad a dhéanamh dóibh ach an bhfaca duine ar bith é ariamh faoi ghruaim nó ag iarraidh do chluas a líonadh le buaireamh an tsaoil?

Ach ar an drochuair bualadh tinn le hailse é sa bhliain 1997 agus cé gur throid sé cath cróga in éadán na haicíde fuair sí an bhuaidh air sa deireadh sa bhliain 2001. Ba fhear a bhí in Paidí a bhí i gcónaí iontach dearfach agus níor lig sé ariamh do rudaí é a chur síos nó a fhágáil faoi néal



*Paidí ar bord an Brazil Star*

dorcha. Fiú le linn a chuid tinnis níor lig sé don dearcadh deimhneach seo éalú ar shiúl uaidh agus d'éirigh leis, le linn a thréimhse tinnis, cuairt a thabhairt ar bhaill dá theaghlach a raibh cónaí

orthu i gCeanada agus san Astráil.

Chuir mé fhéin aithne ar Phaidí go luath i ndiaidh dó a theacht na nDúnaibh mar gur ghnách liom a bheith ag obair sa bheáir in Óstán Ros na Binne le linn an tSamhraidh agus bhí Paidí i gceannas ar an bheáir. Bhí pearsantacht iontach tarraingteach ag Paidí, féith an ghrinn go láidir ann, thar a bheith deisbhéalach (witty), ina scéalaí den scoth agus duine a bhí séimh macánta. Bhí aoibh an gháire i gcónaí air fiú nuair a bhí an bás ar leac an dorais aige. De thairbhe gur thaisteal sé ar fud an domhain bhí achan chineál scéalta aige as achan chineál tíortha agus dóigh dhraíochtúil aige le hiad a insint. Daoine a raibh aithne acu ar Phaidí, is féidir leo é a shamhlú ansin agus a phionta ina lámh ag guidhe "Happy Days"

Tá Paidí ar shlí na fírinne anois le naoi mbliana agus déanann Joan atá ina cónaí i Ros na Binne é a chronú go mór go fóill. Tá Danny, Eileen agus Lisa ina gcónaí go háitiúil agus is ealaíontóir í Jane i nGaillimh.



*Paidí agus Joan amuigh ar Buenos Aires*

# Baile Slachtmhar na nDúnaibh




Ba é Bord Fáilte a bhunaigh gluaiseacht na mBailte Slachtmhara sa bhliain 1958. Tá coincheap simplí ar a chúl, a thuigeann pobail na tíre:

*Gur féidir le daoine feabhas a chur ar a gceantair fhéin sa dóigh is gur áiteacha níos fearr agus níos deise a bheas iontu le bheith ina gcónaí iontu, le bheith ag obair iontu nó le cuairt a thabhairt orthu.*

Ní raibh mórán iomrá ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara in íochtar Rosgoill go dtí luath sna hochtóidí. Bunaíodh coiste ad hoc agus cuireadh isteach ar an Chomórtas Náisiúnta. Rinneadh roinnt oibre agus bronnadh 123 marc ar na Dúnaibh. Déarfainn gur mharc bunúsach a bhí anseo le huchtach a thabhairt do choistí úra a bhí ag cur isteach don chéad uair. Bheifí ag dúil go dtiocfadh méadú ar na marcanna i gcoibhneas leis an méid oibre agus iarrachta a chuir an coiste isteach. Ach idir rud amháin agus rud eile, níor tharla seo agus de réir a chéile chuaigh an coiste in éag.

Ach d'fhan roinnt daoine den ghrúpa bunúsach dílis dona n-idéal féin agus an feachtas ab ansa leo agus lean siad ar aghaidh ag obair go díograiseach leis an achar talún ar a dtugtar Ard na nEangach a fhorbairt. Tá toradh a gcuid saothair le feiceáil go soiléir go dtí an lá inniu in sna lochtáin tarraingteacha, na suíocháin agus binsí picnice, na suíocháin samhraidh, na toir, na fálta agus an sconsa iarainn saoirsithe a chuireann snas ar an áit. Is é Ard na nEangach a n-oidhreacht do na glúnta atá le theacht.

Agus maidir leis an am i láthair, tá an coiste a bunaíodh sa bhliain 2006 ag obair go dícheallach




agus ag feidhmiú go díograiseach agus ag cur go mór le híomhá an cheantair. Tá moll mór oibre déanta acu agus a rian le feiceáil ar fud fad na háite. Mar shampla, tá comhartha deas Céad Míle Fáilte tógtha acu, ag fáiltiú na gcuairteoirí ag teacht isteach agus ag fágáil slán leo ag dul abhaile dóibh. Tá plásóg dheas curtha in ord acu taobh amuigh de Chlubtheach Chumann Lúthchleas Gaeil, le ceapacha bláthanna agus ceapacha fraoigh le slabhraí bána thart ar cheann na bplásóg. Tá a mhacasamhail déanta ar an bhealach síos 'na trá chomh maith, ballaí agus piléir cloiche ar thairseach na trá agus thart ar na bocsaí athchúrsála. Ina theannta seo, tá gairdín beag luibhe tógtha acu ar chúl an leithris agus binse agus suíochán picnice os a



chomhair. Chuir siad clár eolais na n-iasc in airde ar bhalla an leithris agus chóirigh siad na comharthaí de chuid na Comhairle Contae a bhí ann cheana féin. Ba mhaith leis an Choiste admháil a thabhairt don mhaoiniú a fuair siad ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus do na hoibrithe a bhí ar an chúrsa Ballaí Cloiche Traidisiúnta a bhí á reáchtáil ag Fás. Is léir ón ghrianghraf go bhfuil eolas a gceirde foghlamtha go maith acu.

Muna raibh na ciseáin de bhláthanna a bhí crochta acu i rith an tSamhraidh tugtha fá dear agat, ba chóir duit cuairt a thabhairt ar Specsavers! Bíonn neart oibre ag baint leo seo, mar caithfear iad a uisciú chóir a bheith achan tráthnóna ach is fiú go mór seo mar cuireann siad dreach álainn ar an tsráidbhaile. Tá cuma néata agus slachtmhar ar chiumhaiseanna na mbealaí móra ag teacht isteach 'na nDúnaibh agus leoga ar fud na háite agus níor tharla seo de thaisme! Feictear na daoine céanna amuigh lá i ndiaidh lae á ngearradh agus á strimeáil.

Ba mhaith linn comhghairdeas a ghabháil leis an choiste agus leis na hoibrithe uilig mar gheall ar an méid atá bainte amach acu. Ghnothaigh na Dúnaibh 218 marc i gComórtas na mBailte Slachtmhara i mbliana, sin ardú de chúig mharc déag ó anuraidh agus moladh go mór an dul chun cinn a bhí déanta acu.

Ní hé amháin sna Dúnaibh atá an cineál seo oibre ag dul ar aghaidh. Tá Coiste Forbartha Mhíobhaigh an-ghníomhach ar an Taobh Thoir agus scoth na hoibre á dhéanamh acu. Is léir seo ón chuma slachtmhar atá ar na ciumhaiseanna agus ar chomharthaí na mbailte fearainn sa cheantar. Is iomaí rud eile a bhfuil baint acu leis fosta ach tá ábhar ailt eile sna himeachtaí atá idir lámha acu.

Ar ndócha, tá an-taithí go deo ag ár gcomharsana i mbaile Charraig Airt ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara. Tá dul chun cinn millteanach déanta acu le blianta anois, 293 marc sa chomórtas i mbliana, sin ardú de thrí mharc ó anuraidh. Is iomaí duais atá bainte acu agus táimid ag súil go mór nach fada an lá go mbeidh duais suntasach bainte acu amach anseo.




*Ní neart go cur le chéile.*

## Is lom gualainn gan bratháir

# Sábha Mhic Eitegáin,
## Bean Tí Uí Eochaidh



Ba i dtús mhí Eanáir 1940 a thug Seán Ó hEochaidh a aghaidh ar Ros Goill. Bhain sé amach an teach ina raibh sé ag fáil lóistín ann agus rinne sé cur síos ar an fháilte a cuireadh roimhe sa teach sin, agus sna tithe uilig ar leag sé cos iontu. Chuaigh flaithiúlacht na fáilte a chuir Sábha Mhic Eiteagáin, bean an tí, roimhe agus an cairdeas a d'éirigh eatarthu, a luí go mór air:

*Níor lig sí amach mo lámh go raibh mé istigh i lár an urláir. Bhí céad fáilte acu ann domh fosta agus bhí gach uile chosúlacht ar an áit seo go mbeadh áit sheascair agam ann. Shuigh mé ansin agus shuigh an tseanbhean le mo thaobh*
***(Cnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)***

Deirtear gurb é teach Mhic Eiteagáin an t-aon teach amháin a choinnigh lóistéirí fán am sin. Lucht na Gaeilge is mó a d'fhanadh sa teach seo, sagairt agus mic léinn a thagadh go Ros Goill chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Agus Gaeilge a chloistí sa teach sin ó mhaidin go hoíche.

Ní ábhar iontais ar bith mar sin gur bhailigh Seán béaloideas ó Shábha fhad 's a bhí sé ag stopadh ansin. Rugadh í ar an deichiú lá de mhí Feabhra 1871. Sábha Nic Giolla Bhríde, nó Sophie a tugadh uirthi sa bhaile, ab ainm di sular pósadh í. Máire Mhasleac a bhí ar a máthair (Máire Nic Giolla Bhríde nó Máire Dhónail) as Dún Dumháin agus bhí sise pósta ar John Mac Giolla Bhríde as Gort na Bráid. Bhí naonúr sa chlann, í féin san áireamh, Ellen, Nancy, Bríd, Ned, Francis, Daniel, Sophie, Madge agus Síle. Bhí an leasainm 'Masleac' ar an mháthair mar go raibh cónaí uirthi in aice na mbeanntracha den ainm sin agus lean an leasainm céanna an chlann.

Go luath ina saol chuaigh sí chun cónaí ar an Mhuirleog. Bhí cónaí ar a haintín agus ar a huncail, Anna agus John Mac Giolla Bhríde thuas ar an chnoc ansin. Bhí mac acu agus d'éag sé an-óg nuair a fuair sé cic agus é ag imirt peile agus thóg siad leofa Sophie mar sin agus chónaigh sí leo ó sin amach. Ní fada gur bhuail Sábha le hAnton Mac Eiteagáin, nó Anton Rua mar ab fhearr aithne air. Ba as Gleann Iartharach, baile beag faoi Loch a's Alt, ó dhúchas dó. Thóg siad teach in aice lena haintín ar an Mhuirleog i 1903 agus tá cónaí ar a sliocht sa teach go fóill. Saolaíodh naonúr páistí dóibh ach fuair triúr acu bás nuair a bhí siad an-óg. D'oibrigh Sábha mar bhean tí agus iascaire cáiliúil a bhí ina fear céile. Bhailigh Seán Ó hEochaidh an-chuid seanachais uathu. Bhí aithne mhaith ag Sábha ar iascairí Theilinn, ar ghnách leo stopadh aici agus chruthaigh seo nasc láithreach idir an bheirt acu agus bhí tábhacht ar leith ag baint le seo.

B'iomaí oíche, nuair a théadh Ó hEochaidh ar ais chun tí, shuíodh sé cois tine le bean an tí agus bhíodh comhrá acu. Bhí an-chuid

piseogacha ag Sábha ach bhí creideamh láidir aici fosta agus ó thaobh creidimh de, chuir siad a muinín i nDia agus ghlac siad le cibé cinniúint a bhí leagtha amach dóibh. I measc na seanfhocal a chruinnigh Leslie Lucas (1979: 310-344) ó mhuintir Ros Goill, tá ceann ar leith a chuireann leis an íde sin: 'Tá páighe an iascaire ar láimh Dé'. Tugadh forchoimeádas d'fhéilte go speisialta, nós a théann siar chuig fréamhacha a gcúlra Ceiltigh. Léirítear seo go follasach sna tréithe coitianta a bhí ceangailte le féilte. Tá cuntas scríofa ag Seán Ó hEochaidh ar na tinte cnáimh a lasadh ar na cnoic sa cheantar ar Oíche Fhéile Eoin i mí an Mheithimh agus an dóigh a choimeád Bean Mhic Eitigeáin an fhéile:

> *Thug sí léithi bucóid agus líon sí suas lán aibhleogaí í agus chuaigh sí amach léithi fhad leis an chlaí bheag a bhí os coinne an tí. Fuair sí bucóid mhór mhónadh ansin agus nuair a bhí sí réidh bhí craos theineadh aici. Thug sí leithi a coróin Mhuire ansin agus chuaigh sí féin amach agus síos ar a dá glúin ag taobh na teineadh. Tá mé cinnte gur chaith sí bunús uaire an chloig ag urnaí agus nuair a bhí sí réidh thug sí léithi an maide-briste agus níor fhág sí aon chuibhreann prátaí nó coirce fán teach nár chaith sí ceann de na haibhleogaí isteach ann lena shábháil ar mhilleadh na bliana. Ní raibh duine ar bith thart sa pharóiste nach dearn an rud céanna amach ó na hAlbanaigh*
> ***(Cnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)***

De réir Bean Mhic Eiteagáin bhí tráth ann nuair a thagadh na hAlbanaigh a bhí ina gcónaí sa cheantar thart ar oíche Fhéile Eoin agus thugadh siad leo giota d'aibhleog ó na tinte agus chaitheadh siad an aibhleog fríd a gcuid cuibhrinn.

Bhí léirthuiscint ag Seán Ó hEochaidh ar fháilteachas, chuidiúlacht agus thíriúlacht mhuintir na háite agus b'amhlaidh go raibh na tréithe seo go smior iontu uilig, go háirithe a bhean tí. Ar a lá deireanach i Ros Goill, cuireann sé seo in iúl don léitheoir ina dhialann:

> *Bhí an tseanbhean í féin ina suí sa chlúid agus ní thiocfadh léi a bheith a dhath níos buartha dá mbeadh a mac féin ag imeacht na chogaidh. Thug mé cuairt thart ar chuid de na daoine a bhfuair mé seanchas uathu nó dar liom go raibh seo comh beag agus a tháinig liom a dhéanamh leofa i ndiaidh chomh cineálta agus bhí siad uilig domh. Bhí an tseanbhean ina chionn ní b'fhearr domh nó a thiocfadh le máthair ar bith a bheith, agus a mac comh maith agus a thiocfadh le deartháir ar bith.*
> ***(Cnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)***

Fuair sí bás sa bhliain naoi gcéad déag caoga 'a sé agus í ceithre scór agus cúig bliana d'aois.

Bó shamhraidh
Caora fhómhair
Is bean Domhnaigh,
Na trí nithe is lochtaí
ar an domhain.
* * *
Pós bean Oileáin is
pósfaidh tú an
t-oileán uilig
* * *
Is beag an deor fola
nach teo i ná an t-uisce
* * *
Coinnigh an cnámh agus
leanfaidh an madadh thú
* * *

# Treasa Nic Giolla Bhríde



Ar thráthnóna galánta Earraigh, an 3ú lá de mhí Mhárta, d'fhág Treasa buaireamh an tsaoil seo ina diaidh agus cé gur fhág sí croí-briste againn, tá a fhios agam go ndéarfadh sí linn, mar gur bhean naofa a bhí inti, "Sin toil Dé agus ná téigí ina éadan". Bhí an t-ádh linn, bhí sí againn ar feadh ceithre scór agus seacht mbliana agus bhí saol fada sláintiúil aici, gan mórán tinnis, buíochas le Dia.

Rugadh Treasa Nic Giolla Bhríde nó Treasa Francie mar a tugadh uirthi, i Rós na Binne ar an naoú lá déag de mhí na Samhna, naoi gcéad déag agus fiche's a trí. Tógadh an chlann ins an teach ina bhfuil clann Talbot ina chónaí ann faoi láthair. Bhí aon duine dhéag sa teach, Liam, Aindí, Francie, Jimí, Dan, Jane, Bidí, Máire, Annie, Caitlín agus Treasa. Tá siad uilig marbh anois, go ndéanfaidh Dia trócaire orthu, ach amháin Bidí atá istigh in ionad altranais i Sasana agus Caitlín, atá ina cónaí i gCarraig Airt.

Chuaigh Treasa ar scoil i nDoire a' Chasáin agus bheadh sí ag caint go minic ar na laethanta scoile agus an craic a bhíodh acu agus ag na comharsana, muintir Mháire Ghráinne, muintir Mháire Rua, muintir Stiofán a' Pharthalán, agus muintir Pháidí Pháidí Bhuaidhe. Déarfadh sí i gcónaí cé nach raibh mórán acu, go raibh siad uilig maith do chéile agus go ndéanfadh siad toitíní agus a leithéidí a roinnt le chéile. Sin an t-am a thosaigh sí ar na 'Woodbines' agus chaith sí iad go dtí an deireadh agus leoga, ní dhearna siad dochar ar bith di!

Nuair a d'éirigh sí níos sine, thosaigh sí ag obair do Julia Bn. Mhic Pháidín a bhí ina cónaí thíos i nDoire A' Chasáin. Chuidigh sí le Julia obair an tí a dhéanamh. Chas sí le m'áthair, Pádraig Mac Giolla Bhríde, as an Mheall Mhór ag damhsa sa halla i gCarraig Airt. Phós Canon Mc Mullin iad ar an 20ú Eanáir, 1949. Tamall ina dhiaidh sin, d'imigh an bheirt acu go hAlbain chun obair a fháil. Bhí siad ina gcónaí ins na Gorbals ar feadh tamaill agus ní raibh Treasa sásta le saol na cathrach ar chor ar bith. D'imeodh m'athair amach faoin tír achan mhaidin chun cuidiú foraoisí a phlandáil nó prátaí a bhaint agus bhí uaigneas millteanach ar mo mháthair don bhaile. Rugadh an chéad pháiste dóibh, Máire, in Albain agus d'fhág siad slán leis an tír nuair nach raibh sí ach trí mhí.

Diaidh ar ndiaidh, thóg siad teach ar an Mheall Mhór agus cé nach raibh mórán acu, bhí siad breá sásta leis an saol. Rugadh trí iníon eile dóibh, Cáit, Bríd agus Bernadette. Bhí sé doiligh páistí a choimhéad ar an fharraige agus is minic a déarfadh mo mháthair 'Coinnigí ar shúil ón fharraige agus na carraigeacha'. Am amháin, ní raibh mise le fáil agus gan mé ach trí bliana d'aois agus d'amharc sí fhéin agus m'athair achan áit fá mo choinne agus sa deireadh fuair siad mé i mo sheasamh ar bharr carraige ag amharc díreach síos san uisce! Is cinnte nár tharla sé riamh ina dhiaidh sin!

Choinnigh m'athair cúpla bó agus ba ghnách leis fosta a dhul amach sa churach ag iascaireacht bradán. D'fheicfeá é agus Johnnie agus Hughie Bhrógáin ag iompar an churaigh leo thar a gceann isteach san fharraige. Corruair, rachadh sé amach chuig an teach solais nó amach chuig an champa le slat iascaireachta. Amanna eile, rachadh sé amach an cnoc leis an asal fhad leis An Chladach Mór le slata mara a chruinniú. Shiúlfadh Treasa nó rachadh sí ar an rothar suas go dtí tigh Mhaggie Boyce chun an bia a cheannacht agus chun ola a fháil don 'tilly lamp'. Rachadh siad a reácáil/airneál go minic, tigh Bhrógáin, tigh Mhící John agus ag John Ned. Bhí Dia lárnach ina saol agus ní rachadh

siad a luí san oíche, cuma cé chomh tuirseach is a bhíodh siad, go raibh an paidrín ráite. Thabharfadh sí comhairle dúinn i gcónaí gan dul amach gan an t-uisce coisricthe a chur orainn, gan dearmad ár bpaidreacha a rá agus ár ndóchas a chur san fhear in airde i gcónaí.

Nuair a bhí an chlann chóir tógtha, rachadh an bheirt acu siar go halla Antain ag an damhsa agus bhí dúil mhór acu sa cheol. Bhíodh Eoin Mhící John agus James A' Fhionnghaile ann fosta agus bheadh craic ar dóigh acu. Ins na blianta deireanacha, ba ghnách leo dul 'Tigh Mhící Sophie ar an Domhnach agus chasfadh siad le Jimí Ned Ruaidhrí, agus Páidí Mhící agus John Bhriainí Thuatháil go ndéanfaidh Dia Trócaire orthu agus ar Pheigí Mhuiris, a bhí i dteagmháil le mo mháthair go dtí an deireadh, Violet Isaac agus Fennie A' Canainn. Bheadh plácaí go leor le cloisteáil uathu ar na h-oícheanta seo!

Nuair a fuair m'athair bás i ndiaidh timpiste feirme i mí Feabhra 1990, ní raibh an saol mar an gcéanna do Threasa. Chaill sí a h-anam cara agus cé go raibh sí breá sásta lena clann agus lena garchlann, Mark, Karen, Marie, Claire, Chloe, Seaghan agus Ella, bhí an solas imithe óna saol. Bhí cumhaidh mhór uirthi ina dhiaidh. Rachadh sí ar an Aifreann agus go dtí an Bingo sa halla i gCarraig Airt agus bhí sí breá sásta nuair a thiocfadh an t-Earrach agus nuair a rachadh na cuairteoirí isteach aici chun craic a bheith acu agus mar a dúirt sí féin go mion is go minic, "Dá rachainnse isteach sna Sé Contae, bheadh teach agam le fanacht ann achan oíche"! Bhí sí maith dóibh agus bhí siadsan maith díthe fosta.

Bhí ciall aici nach dtagann ach le haois agus is minic a chuirfeadh sí thú ar an treo ceart de thairbhe cúrsaí an tsaoil. Sin an fáth go bhfuil muid a cronú uainn go mór. Tá an lámh sin a bhí sínte trasna ar ár gcúl imithe go deo. Tá an chathaoir folamh agus níl an bata de dhíth níos mó. Is minic a chloiseann muid í nuair a thagann a cuid focail isteach inár n-intinn ach caithfimid smaoineamh ar an dóchas a bhí aicise in Ár Slánaitheoir agus an chinnteacht a bhí aici go gcasfaimid uilig le chéile arís lá inteacht i láthair Dé.

Go ndéanfaidh Dia Trócaire ar a h-anam dílis.

# Imeachtaí Chéim Aniar

Bhí neart imeachtaí ar siúl agus slua mór i láthair i mBaile na nGallóglach ar an Aoine, 22 Iúil do "G-Day", féile a bhí a reáchtáil ann don chlár "An G-Team" atá a chur le chéile ag Adare Productions agus TG4. Is comórtas atá anseo do phobail taobh amuigh den Ghaeltacht le hiad a spreagadh chun úsáid a bhaint as a dteanga dhúchais. Tá duais de €40,000 urraithe ag Foras na Gaeilge do na buaiteoirí, le húsáid i ndul chun cinn a gceantar féin.

Tugadh cuireadh do Chéim Aniar páirt a ghlacadh san fhéile seo. Chuir Aisteoirí Mhíobhaigh an sceitse "Lá ar an Aonach" i láthair cúpla uair agus rinne Clann Pasoma an scéaldráma "An Mac Fal-sa" a léiriú ar an tsráid. Seo traidhfil grianghraf a glacadh ar an lá .



Sa phictiúr seo, ó chlé tá : *Fíona Pasoma, Ann Marie Uí Shibhleáin, Daragh Mac Laifeartaigh, Seán Mac Giolla Bhríde, Seán Ó Dochartaigh agus, ag caitheamh an chulaith bó, Ailín Pasoma.*



*I mbun scannánaithe ar an tsráid i mBaile na nGallóglach*
*Aisteoirí: Ailín, Mícheál agus Laura Pasoma*



*Ag baint suilt as na himeachtaí.*
*Rónán, Mícheal agus Aobhá Pasoma i mbun aisteoireachta.*

Chuir na páistí an scéaldráma seo i láthair ag an Oíche Aírneáil i dTeach John Mhící Báin ar 8 Iúil agus arís ag Oíche Ghaelach in Ionad CLG na nDúnaibh ar 20 Iúil.

## Campaí Samhraidh 2011

Bhí dhá champa samhraidh a reáchtáil ag Céim Aniar in Ionad CLG na nDúnaibh arís i mbliana agus rinne 35 páiste freastal ar an champa i mí Iúil agus timpeall is leathchéad ar an champa i mí Lúnasa. Bhí neart imeachtaí ar siúl taobh amuigh agus taobh istigh agus bronnadh duaiseanna ar na páistí a rinne iarracht mhór Gaeilge a labhairt an t-am ar fad.













# Feadaímó

Tá Feadaímó agus Domhnall, Páidí agus Éamonn ina seasamh ar chúl theach an Choirnéil Albertson. Tá an triúr eile i ndiaidh Domhnall a bhriseadh amach as an phríosún agus anois tá na saighdiúirí a gcuardach. Níl Feadaímó ag iarraidh an bheairic a fhágáil go dtí go bhfaigheann sé airgead na tána ón Choirnéal. Bhí lear scairtí ó na saighdiúirí agus chuala siad trup capall fosta ach de réir cosúlachta is amach faoin áirse a bhí siad ag dul le hiad a chuardach. Sheas Feadaímó isteach teann le fál ard a bhí ar chúl na dtithe. "Tiocfaidh siad ar ais an bealach seo gan mhoill," a dúirt sé, "nuair nach bhfuil siad ábalta muid a fháil. A Éamoinn, fan thusa ar faire amuigh anseo. A Phaidí, buail thusa cnag ar an doras tosaigh. Coinnigh an Coirnéal gnóthach bomaite go bhfaighidh mise is Domhnall isteach." Gan i bhfad chuala siad an cnag ar an doras tosaigh agus ansin chuala siad scairt ón teach. "Who the devil is that at this time of night?" D'aithin Feadaímó glór an Choirnéil agus d'éirigh an fearg ina chroí. Chuala siad Páidí ag tabhairt freagra. "Captain Walsh at your service, Colonel." Chuala Feadaímó an doras tosaigh ag oscailt agus chuir sé a ghualainn leis an doras cúil. D'oscail an doras gan mórán truip agus shiúl sé fhéin is Domhnall isteach i gcistin bheag ina raibh tine lasta ar an teallach agus citeal a raibh gal ag teacht as ina shuí ar an bhac. Bhí bairille beag lán uisce ar an urlár le taobh an drisiúir bhig a bhí in éadan an bhalla agus coinneal lasta ina shuí ar thábla. Bhí doras ar an taobh eile den tine agus d'oscail Feadaímó é go deas mall agus shiúil siad isteach i seomra eile ina raibh lampa mór lasta, is é crochta ón síleáil.

Bhí sé soiléir gur teach saighdiúra a bhí ann mar bhí gunnaí d'achan sórt ar na ballaí agus bhí tine lasta sa tseomra seo fosta. Bhí suíocháin mhóra chompordacha thart ar an tine agus ar cheann acu bhí Síle, iníon Chondaí Rua ina suí agus gúna saibhir uirthi. Bhí sí ag ól gloine fíona agus í ag amharc isteach sa tine. Cha dtug sí Feadaímó fá deara go dtí go raibh a lámh ar a béal aige. "Coinnigh do bhéal druidte," arsa Feadaímó, ach rinne sí iarracht éirí agus bhí sé deacair ag Feadaímó greim a choinneáil uirthi. "Bí ciúin," arsa Domhnall, léi, "níl muid ag iarraidh tú a ghortú. Sin ráite, dá gcuirfinn piléar i do chroí cha dtiocfadh leat a rá nach raibh se tuillte agat." Shocraigh sí rud beag ach bhí sí go fóill ag déanamh iarracht briseadh ar shiúl ó Fheadaímó.


"Ceangal í don chathaoir, a Dhomhnaill, agus cuir tost ar a béal," arsa Feadaímó, "mar níl a dhath níos cinnte ná go ligfidh an striapach seo scread aisti." Bhí clúdach bán ar cheann de na cathaoireacha móra agus stróic Domhnall é ina ribíní. Cheangal sé ceann acu go teann thart ar a béal agus cheangal siad í don chathaoir. D'oscail Feadaímó an doras píosa beag agus chuala sé Páidí ag caint. "I was wandering why you aren't at the ball, Colonel." "I beg your pardon," arsa an Coirnéal, " what business is it of yours? "Let me explain," arsa Páidí, "mind if I come in? Chuala Feadaímó an doras tosaigh ag druidim agus chuaigh sé amach go dtí an halla. Thiontaigh an Coirnéal. "Hello Colonel," arsa Feadaímó, "tar isteach." "What the devil…" arsa an Coirnéal, agus fuair Feadaímó greim muineál air. Tharraing sé é isteach sa tseomra agus chuir sé é ina shuí ar chathaoir.

"Fan thusa socair agus beidh tú i gceart," arsa Feadaímó leis. "Anois, cá bhfuil airgead na tána." "What are you saying, you peasant," arsa an Coirnéal. "He's asking you where my money is," arsa Domhnall. Tháinig leamhgháire ar aghaidh an Choirnéil agus labhair sé go searbh. "You don't actually expect me to answer that, do you?" "Oh, but I do," arsa Domhnall leis. "My young friend here is not the patient type. One way or the other he'll get what he wants." "Cuir amú ama atá ann, a Dhomhnaill, a bheith ag labhairt leis an bhoc seo," arsa Feadaímó. Fanaigí sibhse anseo bomaite agus gheobhaidh mise an t-eolas uaidh ar mo dhóigh fhéin." Tharraing sé an Coirnéal amach as an suíochán, chuaigh sé isteach go dtí an chistin leis agus dhruid sé an doras ina dhiaidh. "Where is Domhnall's money," arsa Feadaímó leis, agus thosaigh an Coirnéal ag gáire. "You're wasting your time, sonny, I've no intention of telling you anything." "Tchífidh muid," arsa Feadaímó, agus bhuail sé buille sa bholg ar an Choirnéal. Phléasc an anáil amach as agus chuaigh sé síos ar a ghlúine. Tharraing Feadaímó é a fhad leis an bhairille agus thum sé a chloigeann faoin uisce. Istigh sa tseomra eile chuala siad an callán as an chistin. D'amharc Páidí ar an doras druidte agus labhair sé le Domhnall. "Tá a fhios agam nár chóir domh a bheith buartha fán Choirnéal ach caithfidh mé a rá go bhfuil trua agam dó ag a' bhomaite." "Bhail," arsa Domhnall, "níl trua de shórt ar bith agamsa dó. Ná déan dearmaid go mbeadhas muid uilig ar long Shasana fán am seo dá mbeadh a dhóigh fhéin ag an bhoc sin. Is gadaí atá ann agus bhí sé fhéin agus an ropaire sin Condaí Rua, fear ba cheart a bheith crochta, ag obair as lámha a chéile. Iad ag líonadh a bpócaí fhéin ar chruatan ár macasamhail. Taobh amuigh de Cholm bocht, cá mhéid fear maith atá caillte againn is iad ag tiomaint na dtáinte?

Fosta, gan caint fán airgead a bheas caillte agaibhse, a Pháidí, muna bhfaighimse airgead na tána seo beidh mé ar an trá fholamh." Chuala siad scread eile ón chistin agus d'amharc an bheirt acu ar an doras. Bhí ciúnas ar feadh bomaite agus ansin d'oscail an doras. Tharraing Feadaímó an Coirnéal isteach agus chaith sé é ar an urlár. Lig an Coirnéal scread phianmhar as agus luigh se gan bhogadh. Bhí sé fliuch báite agus bhí súil amháin ag at agus ag druidim de réir a chéile air. Déan an rud céanna leisean is a rinne tú le Síle, a Dhomhnaill, a dúirt sé, is thóg sé pictiúr den bhalla. Bhí prios beag sáite sa bhalla ar chúl an phictiúir agus é glasta.

Bhuail Feadaímó an doras beag lena dhorn agus rinne sé píosaí de. Thóg sé bosca trom, stáin amach agus chuir sé é ar thábla beag le taobh na tine. Bhí an Coirnéal ceangailte cúl le cúl le Síle fán am seo agus chuaigh Feadaímó a fhad leis. Stróic sé na cnaipí dá chóta agus tharraing sé eochair óna mhuineál. "Caithfidh go raibh comhrá deas agat leis an Choirnéal, a Fheadaímó," arsa Páidí, "nuair a thug sé an méid sin eolais duit." "Cha raibh faill agamsa comhrá deas a bheith agam leis," arsa Feadaímó, agus d'oscail sé an bosca. Sheas sé go ciúin ag amharc isteach sa bhosca agus ansin lig sé osna throm uaidh. "In ainm Dé amharc ar seo," a dúirt sé. Chruinnigh an triúr acu thart ar an bhosca agus iontas an domhain orthu uilig. "Tá fortún ann" arsa Domhnall. Chuir Páidí a lámh sa bhosca agus thóg sé amach cnapán de bhonn óir. "Guinithe buí atá iontu uilig," a dúirt sé. "Tá luach na tána agam anseo i lámh amháin, a

Dhomhnaill." "Tá a fhios agam," arsa Domhnall, agus chuir sé fhéin a dhá lámh isteach sa bhosca. Líon sé a dhá dhorn agus chuir sé na boinn ina phóca. "Sin mise díolta, agus díolta go maith," a dúirt sé, "Anois beidh mé ábalta a bpánna a thabhairt dona boic eile." D'amharc sé isteach sa bhosca arís. "Cad é atá tú ag dul a dhéanamh leis an chuid eile, a Fheadaímó?" "Bígí cúramach fá cad é ata sibh ag rá, a fheara, tá cluasa ar na ballaí." D'amharc siad ar an bheirt a bhí ceangailte. Bhí súil mhaith an Choirnéil lasta le fearg agus í dírithe ar Fheadaímó. Bhain Feadaímó an tost óna bhéal agus phléasc sruth cainte uaidh. "Do you think you can get away with this? You'll never get out of the barracks. Every soldier is on high alert and I personally will see to it that you all hang." "Tchífidh muid," arsa Feadaímó, "fuair muid isteach agus gheobhaidh muid amach." "What did you say?" arsa an Coirnéal. Shuigh Domhnall ar chathaoir os a chomhair. "He says that they got in and that they'll get out," a dúirt sé. "Even if that were to happen I will hunt you down. I'll search every bog hole in Donegal until I get you all. I'm a Colonel in his Majesty's army and I…." Chuir Domhnall suas a lámh. "You Mr Albertson are a dishonest Colonel in his Majesty's army and I think you will have some explaining to do if we're caught with all this money." Sula dtiocfadh leis an Coirnéal a dhath eile a rá chuir Feadaímó an tost ar ais ar a bhéal. "Goitsigí isteach anseo," arsa Feadaímó, agus chuaigh sé isteach go dtí an chistin. "Bhail, seo an dóigh a amharcaimse air," arsa Feadaímó agus é ag oscailt an bhosca ar ais. "Má bheirtear orainn crochfar muid is cuma guine amháin againn nó an bosca iomlán linn. Ní dhéanfaidh pá Choilm mórán maitheasa dona theaghlach. Tá Cáit fágtha léi féin agus cúigear páistí aici. Gan tacaíocht beidh sí amuigh ar an bhealach mhór sula bhfad." Thóg sé crág ghuinithe amach is thug iad do Dhomhnall.



"Tabhair sin do Cháit, coinneoidh sin an fear ghorta óna doras." Chuir sé crág eile isteach ina phóca fhéin agus thug sé an bosca do Dhomhnall. "Rann iad sin idir tú fhéin, Páidí agus na boic eile is ní bheidh feidhm oraibh a bheith ag tiomaint na táinte níos mó." "Tabhair thusa leat tuilleadh acu, a Fheadaímó," arsa Domhnall leis. "Is tusa a fuair iad. Seo chugat," a dúirt sé, agus é ag síneadh lán a chrág chuige. Chroith Feadaímó a chloigeann ach sula dtiocfadh leis a dhath a rá chuir Domhnall na guinithe isteach i bpóca a chóta. "Ná habair a dhath eile, a ghasúir," a dúirt sé, "tá siad tuillte agat. Má tá sé go fóill ar d'intinn dul go Meiriceá cuideoidh siad leat tús maith a bheith agat thall." "Níl mise ag iarraidh drochchuma a chur ar rudaí," arsa Páidí, "ach caithfidh muid fáil amach as an áit seo go fóill." Chuaigh sé anonn agus d'oscail sé an doras cúil. Chuir sé a chloigeann amach agus labhair sé i gcogar. "A Éamoinn, cá bhfuil tú?" Tháinig Éamonn amach ón fhál agus a mhéar lena bhéal. "Whist," a dúirt sé, agus é ag labhairt faoina anáil. "Tá saighdiúirí ag dul thart ar na tithe. Beidh siad anseo gan mhoill." "Maith go leor, arsa Páidí leis, cha bhíonn muid i bhfad eile." Dhruid sé an doras arís. "Bhail, chuala sibh sin. Cibé plean atá agat, a Fheadaímó, tá sé go réidh agat dhul ag obair air." "Maith go leor," arsa Feadaímó, ach tá rud amháin eile nár luaigh muid." "Cad é'n rud?" arsa Domhnall. "Bhail," arsa Feadaímó, agus é ag díriú a mhéire ar dhoras an tseomra eile. "tá fear istigh ansin nach bhfuil róshásta. Fiú má fhaigheann muid amach as an áit seo beidh sé sa tóir orainn. Tá aithne aige ortsa, a Dhomhnaill, agus cha bheifeá sa bhaile dhá lá sula mbeadh sé sa mhullach ort le scuad de na dragúin." "Ó, a Dhia, a Fheadaímó," arsa Domhnall, "níl tú ag smaoineamh ar é a mharú cinnte? "Níl mé," arsa Feadaímó, "ach cha dtig linn é a fhágáil anseo." "Cad chuige?" arsa Domhnall. "Ná bí buartha fá dtaobh domhsa. Rachaidh mise i bhfolach tamall go socróidh rudaí. Ach níl a fhios aige cé thusa, a Fheadaímó, agus níl a fhios aige cé Páidí nó duine ar bith de na boic eile. Char inis mise a dhath dófa." "Tá a fhios ag Síle achan rud fá dtaobh domhsa," arsa Feadaímó. Chaith Domhnall seileog ar an urlár. "An diabhal girsigh sin arís. Is mór an trua nár bhá mé í an chéad uair a leag me mo shúil uirthi. Nár inis mé duit a bheith cúramach léi? Nár dúirt mé…..''Bhris Feadaímó isteach air. "Ná tosaigh ar sin arís, a Dhomhnaill, a dúirt sé agus nimh ina ghlór. Thost Domhnall go tobann. D'amharc Feadaímó ar an bheirt eile. "Mar a dúirt mé cha dtig linn an Coirnéal a fhágáil anseo, eisean nó Síle." "Lorda," arsa Páidí, "beidh marcshlua linn ag dul amach an geafta dúinn." "Tá plean agamsa," arsa Feadaímó. "Anois, tabhairigí an bheirt acu isteach anseo agus imeoidh muid." D'oscail Feadaímó an doras cúil agus labhair se le hÉamonn. "Tá muid réidh le fágáil, a Éamoinn, cad é mar atá rudaí amuigh anseo." "Tá sé ciúin go leor ag an bhomaite," arsa Éamonn, "ach beidh na saighdiúirí anseo gan mhoill. Tá siad ag dul isteach in achan teach de réir a chéile. Tá callán go bráth fán bheairic. Caithfidh go bhfuil achan saighdiúir fán áit ár gcuardach. Bhí mé…." Stad sé go tobann nuair a chonaic sé Domhnall agus Paidí ag teacht amach agus dhá phríosúnach leo.

"Ó, a Dhia sna flaitheas cuidigh linn," a dúirt sé, agus é ag déanamh comhartha na croise.

*Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.*

# Seanscoil Mhíobhaigh



Chun tosaigh, ó chlé, tá Roseanne Mhící Rua, Anna Phat, Eibhlín Ní Dhochartaigh, Sarah Phaidí Bhuaidhe, Ciarán Ó Gallachóir, John Phaidí Bhuaidhe, Denis Ó Brógáin agus John Mhící Rua.

I lár, ó chlé, tá Cití Stephen, Katie Phaidí Bhuaidhe, Mící Ghreasaí, Mící Eanaí, Denis Ann, Mící Tommy, Terry Duffy, Jimmy John Pheigí agus Ned Coyle.

Ar cúl, ó chlé, tá Mary Ní Ghallachóir (Phat), Annie Ní Dhochartaigh, Brenda Tommy, Sarah Ann Nic Giolla Bhríde, Máire Phaidí Bhuaidhe, …., Enda Ó Gallachóir agus Stephen Ó Sibhleáin.

Tá muid buíoch do Chiarán Ó Gallachóir as an ghrianghraf seo a thabhairt dúinn.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

Údarás na Gaeltachta